Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5386/22**
**ADD 1**

**AGRI 19**
**DELACT 7**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 101 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le táirgeadh agus le húsáid síológ neamhorgánach, síológa atá á dtiontú agus síológ orgánach agus ábhair atáirgthe plandaí eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 101 final - Annex.

---

Faoi iamh: C(2022) 101 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.1.2022
C(2022) 101 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le táirgeadh agus le húsáid síológ neamhorgánach, síológa atá á dtiontú agus síológ orgánach agus ábhair atáirgthe plandaí eile**

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 mar a leanas:

(a) Leasaítear pointe 1.8.5.1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

De mhaolú ar phointe 1.8.1, i gcás ina léiríonn na sonraí a bhailítear sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26 (1) nó na córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2) nach gcomhlíontar riachtanais cháilíochtúla ná chainníochtúla an oibreora maidir leis an ábhar atáirgthe plandaí orgánach ábhartha, féadfaidh an t-oibreoir ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach atá á thiontú a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 10(4), an dara mír, pointe (a), nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6.';

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

'Thairis sin, i gcás nach bhfuil síológa orgánacha ar fáil, féadfar úsáid a bhaint as "síológa atá á dtiontú", a mhargaítear i gcomhréir le hAirteagal 10(4), an dara mír, pointe (a), i gcás ina bhfástar ar an mbealach seo a leanas iad:

(a) trí thimthriall saothrúcháin ó shíolta go síológa deiridh a sheasann ar feadh 12 mhí ar dháileacht talún a bhfuil, le linn na tréimhse céanna, tréimhse thiontúcháin 12 mhí ar a laghad curtha isteach ina leith; nó

(b) ar dháileacht talún orgánach nó atá á tiontú nó i gcoimeádáin más rud é go gcumhdaítear iad leis an maolú dá dtagraítear i bpointe 1.4, ar choinníoll gur ó shíolta atá á dtiontú a thagann na síolta, agus gur síolta iad a shábháiltear ó phlanda a d'fhás ar dháileacht talún a bhfuil tréimhse thiontúcháin 12 mhí ar a laghad curtha isteach ina leith.';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír:

'I gcás nach bhfuil ábhar atáirgthe plandaí chun go bhféadfaí ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 ar fáil ar cháilíocht leordhóthanach nó i gcainníocht leordhóthanach chun riachtanais an oibreora a chomhlíonadh, féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánaigh a údarú faoi réir phointí 1.8.5.3. go 1.8.5.8.

Ní eiseofar an t-údarú sin ach amháin i gceann amháin de na cásanna seo a leanas:

(a) nach bhfuil aon chineál den speiceas is mian leis an oibreoir a fháil cláraithe sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(1) ná sna córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2);

(b) nach féidir le haon oibreoir, a mhargaíonn ábhar atáirgthe plandaí, an t-ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 a sheachadadh go tráthúil lena chur nó lena phlandú i gcásanna inar ordaigh an t-úsáideoir an t-ábhar atáirgthe plandaí in am réasúnta chun go bhféadfaí ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 a ullmhú agus a sholáthar;

(c) i gcás nach bhfuil an cineál is mian leis an oibreoir a fháil cláraithe mar ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó mar ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(1) ná sna córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2) agus ina bhfuil an t-oibreoir ina ann a léiriú nach n-oireann aon cheann de na hábhair mhalartacha den speiceas céanna go háirithe do na dálaí agranamaíocha agus peidichlíomacha agus do na hairíonna teicneolaíochta riachtanacha chun go bhféadfaí dul i mbun táirgthe;

(d) i gcás ina bhfuil údar cuí lena úsáid i dtaighde, lena thástáil i dtrialacha allamuigh ar mhionscála, chun críocha éagsúla caomhnaithe nó le haghaidh nuálaíocht táirge agus ina gcomhaontaíonn údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann.

Sula n-iarrann oibreoirí an t-údarú sin, ceadóidh siad an bunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(1) nó na córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2) chun a fhíorú an bhfuil ábhar atáirgthe plandaí ábhartha orgánach nó atá á tiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6, an bhfuil an t-ábhar sin ar fáil, agus ar an gcaoi sin an bhfuil údar cuí lena iarraidh.';

(b) leasaítear pointe 1.8.5.2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'De mhaolú ar phointe 1.8.1, féadfaidh oibreoirí i dtríú tíortha ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 10(4), an dara fomhír, pointe (a), nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 nuair is é is údar cuí leis an méid sin nach bhfuil ábhar atáirgthe plandaí orgánach ar fáil ar cháilíocht leordhóthanach nó i gcainníocht leordhóthanach ar chríoch an tríú tír ina bhfuil an t-oibreoir lonnaithe.';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

'Féadfaidh údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1), údarú a thabhairt d'oibreoirí i dtríú tíortha go n-úsáidfí ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach in aonad táirgthe orgánach nuair nach bhfuil ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 ar fáil nó nuair nach bhfuil sé ar fáil ar cháilíocht nó i gcainníocht leordhóthanach ar chríoch tríú tír ina bhfuil an t-oibreoir lonnaithe faoi na coinníollacha a leagtar amach faoi phointí 1.8.5.3, 1.8.5.4, 1.8.5.5 agus 1.8.5.8.';

(c) cuirtear isteach na pointí 1.8.5.8 agus 1.8.6 seo a leanas:

'1.8.5.8. Ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla úsáid síológ neamhorgánach a údarú i gcás síológa speiceas a mbíonn timthriall saothrúcháin a thugtar i gcrích laistigh de shéasúr fáis amháin, ó athphlandú na síolóige go sábháil an táirge den chéad uair.

1.8.6. Féadfaidh údaráis inniúla nó, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1), údarú a thabhairt d'oibreoirí a tháirgeann ábhar atáirgthe plandaí atá lena úsáid sa táirgeadh orgánach úsáid a bhaint as ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach, nuair nach bhfuil máthairphlandaí ná, i gcás inarb ábhartha, plandaí eile atá ceaptha le haghaidh táirgeadh ábhar atáirgthe plandaí agus a tháirgtear i gcomhréir le pointe 1.8.2 ar fáil i gcainníocht leordhóthanach nó ar cháilíocht leordhóthanach, agus an

t-ábhar sin a chur ar an margadh lena úsáid sa táirgeadh orgánach ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach gcóireáiltear ábhar neamhorgánach atáirgthe plandaí le táirgí cosanta plandaí tar éis a mbaint, le táirgí cosanta plandaí cé is moite díobh sin a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 24(1) den Rialachán seo, ach amháin i gcás ina fhorordaíonn údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann cóireáil cheimiceach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun críoch fíteashláintíochta le haghaidh gach speicis agus ábhar ilchineálach speicis ar leith sa limistéar ina mbeidh an t-ábhar atáirgthe plandaí á úsáid. I gcás ina n-úsáidtear ábhar neamhorgánach atáirgthe plandaí a chóireáiltear leis an gcóireáil cheimiceach fhorordaithe sin, beidh an dáileacht talún ar a bhfuil an t-ábhar atáirgthe plandaí cóireáilte ag fás faoi réir, i gcás inarb iomchuí, tréimhse tiontaithe dá bhforáiltear i bpointí 1.7.3 agus 1.7.4;

(b) maidir leis an ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach a úsáidtear, ní hé a bheidh ann síológ speiceas a mbíonn timthriall saothrúcháin curtha i gcrích ina leith laistigh de shéasúr fáis amháin, ó athphlandú na síolóige go sábháil an táirge den chéad uair;

(c) fástar an t-ábhar atáirgthe plandaí i gcomhréir le gach ceanglas eile maidir le táirgeadh plandaí orgánacha atá ábhartha;

(d) gheofar an t-údarú ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach a úsáid roimh chur nó plandú an bhairr;

(e) an t-údarás inniúil, an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe atá freagrach as an údarú, ní dheonóidh sé an t-údarú ach d'úsáideoirí aonair agus le haghaidh séasúr amháin ag an am, agus liostóidh sé cainníochtaí an ábhair atáirgthe plandaí a údaraítear;

(f) de mhaolú ar phointe (e), féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú ginearálta a dheonú go bliantúil maidir le speiceas nó fospeiceas nó cineál ábhair neamhorgánaigh a úsáid agus liosta de na speicis, fospeicis nó cineálacha a chur ar fáil go poiblí agus é a choimeád cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. Sa chás sin, liostóidh na húdaráis inniúla sin cainníochtaí an ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánach a údaraítear;

(g) na húdaruithe a dheonaítear i gcomhréir leis an mír seo, rachaidh siad in éag an 31 Nollaig 2036.

Faoin 30 Meitheamh gach bliain, agus den chéad uair faoin 30 Meitheamh 2023, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoin bhfaisnéis maidir leis na húdaruithe a dheonaítear i gcomhréir leis an gcéad mhír.

Na hoibreoirí a tháirgeann agus a mhargaíonn an t-ábhar atáirgthe plandaí i gcomhréir leis an gcéad mhír, ceadófar dóibh a phoibliú, ar bhonn deonach, an fhaisnéis ábhartha shonrach maidir le hinfhaighteacht an ábhair atáirgthe plandaí sin sna córais náisiúnta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 26(2). Oibreoirí a roghnaíonn an fhaisnéis sin a chur isteach, áiritheoidh siad go ndéanfar an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta agus go mbainfear amach as na córais náisiúnta í nuair nach mbeidh fáil ar an ábhar atáirgthe plandaí a thuilleadh. Agus iad ag brath ar an údarú ginearálta dá dtagraítear i bpointe (e), coinneoidh na hoibreoirí taifid ar an gcainníocht a úsáidtear.'